

Cad leis a mbaineann Sprioc 2: Deireadh le Bochtaineacht?

Stór Focal

Focal	Cad is brí leis	Focail atá cosúil leis
Cuspóir	rud a chuireann tú romhat	mian, aidhm
Ocras	bia a bheith de dhíth ort nó ag teastáil uait	goile
Míchothú	Droch-aiste bia (gan a bheith ag ithe dóthain bia sláintiúil as a bhfaightear fuinneamh)	
Inbhuanaithe	rud ar féidir leanúint ar aghaidh leis thar thréimhse fhada	coinneáil le rud (ar feadh i bhfad); rud a chothú (ar feadh i bhfad)
Táirgeadh bia	Na céimeanna a bhaineann le bia amh (bia ó fheirmeacha) a thógáil agus é a iompú ina bhia is féidir linn a dhíol (cosúil leis an mbia a cheannaíonn tú san ollmhargadh).	

Is é is **cuspóir** leis na 17 Sprioc Dhomhanda go mbeidh an domhan ina áit níos fearr faoin mbliain 2030. Tá sé ina aidhm le Sprioc Dhomhanda 2: Deireadh le hOcras, fáil réidh leis an **ocras** agus le **míchothú** ar fud an domhain.

Mura mbíonn ach fíorbheagán bia le hithe ag daoine thar thréimhse fhada, is féidir leo éirí tinn de bharr míchothú, rud a chiallaíonn nach bhfuil siad ag fáil a ndóthain bianna a thugann fuinneamh dóibh agus a chabhraíonn leo fás. Tá sé tábhachtach a ndóthain bia a bheith ag gach duine le go mbeidís lán, agus bia a bheith acu atá sábháilte sláintiúil. Tá sé ina aidhm le Sprioc 2 freisin cur leis an bhfeirmeoireacht **inbhuanaithe** agus le **táirgeadh bia** sábháilte. Ach cuidiú le feirmeoirí a thuiscint conas is féidir leo cur leis an méid bia a fhásann siad agus bia sábháilte a fhás, beidh níos mó bia ag gach duine.

An raibh a fhios agat go n-aithnítear gur **ceannaire domhanda í Éire sa troid i gcoinne ocrais agus bochtaineachta**? Bíonn Cúnamh Éireann, clár Rialtas na hÉireann maidir le comhar thar lear, ag obair i dtreo Sprioc 2 ar thrí bhealach:



Tacú le feirmeoirí: cuidímid le feirmeoirí beaga cur le méid agus cáilíocht an bhia a fhásann siad trí shíolta agus uirlisí a thabhairt dóibh agus oiliúint a chur orthu.

Tacú le máithreacha agus le páistí: cabhraímid le go leor mná torracha agus le páistí faoi bhun dhá bhliain d'aois trína chinntiú go bhfuil an cineál ceart bia acu chun fuinneamh a thabhairt dóibh agus chun cabhrú leo fás.

Tacú le feasacht i measc lucht rialtais agus ceannairí: déanaimid cinnte de gurb é an príomhchúram atá orainn in Éirinn agus ar fud an domhain cur i gcoinne na bochtaineachta.